Eoin Ó Riain

Co na Gaillimhe

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Pearsanta

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Aon chumarsáid sa teanga ina bhfuairthas é agus a rá, go feiceálach, más i mBearla atá sé go bhfuiltear sásta comfhreagras i nGaeilge má roghnaítear an teanga!

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Is leor ach sílim nach bhfuil gá iad siúd a fhoilsiú ar pháipéar i dteanga r bith ach ar an tidirlín amháin!

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Is gá na dualgaisí seo a shoiléiriú ionas nach mbeidh aon éisceachtaí agus go mbeidh an Ghaeilge sa tús áit agus ar a laghad cothram nó níos mó ná na fógraí Béarla agus go mbeidh siad i nGaeilge amháin sa Ghaeltacht ach i gcás sabháltachta nuair is cóir comharthaí idirnáisiúnta (Pictiúirí) a úsáid leis.

Scéimeanna Teanga faoin Acht
Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
Ní sé sásúil. Is ceart an dlí a chuir i bhfeidhm go daingin. Muna bhfuil eagraíocht ag chomhlíonadh a ndualgas scéim a sholathar is ceart go nglaughfear ós comhair an Oireachtas iad agus miniú a thabhairt. Muna bhfuil siad fós á chomhlíonadh is ceart an duine atá i bhfeidhl an dualgas sin a aistriú go dualgaisí eile agus duine éifeachtach ina áit a earchú! Go n-íochfaí fíneál sontasach ón eagraíocht d'oifig an Choimisinéara Teanga and don oifig sin amháin!

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?
Coras agus cumhacht fianála a bheith ag an gCoimisinéara Teanga iachall a chuir ar na eagraíochtaí scéimeanna a chuir isteach in am agus go rialta.

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?
Níl! Is féidir a rá nach bhfuil seirbhís i nGaeilge le fáil sa Ghaeltacht.

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?
Simplí! Daoine le Gaeilge a earcú in ionad daoine gan Gaeilge agus foirimeacha agus bileoga eolais i nGaeilge simplí a úsáid agus suíomhanna i nGaeilge a bheith le fáil.

Forálacha eile faoin Acht
Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ní úsáidtear Gaeilge san Oireachtas ar ábhar ar bith seachas Gaeilge. Tá ceannaireacht de dhith go práinneach. Chóras cheart aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge agus ó Ghaeilge go Béarla i ngach teach má tá gá leis. Tá Gaeilge ag an Úachtarán agus ní gá córas aistricháin a bheith ansin má tá Gaeilge (agus is ceart go mbeadh!) ag a fhoireann. Is ceart gach Áchta a bheith i nGaeilge (agus i mBéarla más gá!) Má tá an Rialtas ag bunú eagraíocht nó bórd éigin is ceart ainm Gaeilge a úsáid mar a deanadh fadó, Bórd na Móna, Aer Lingus, agus ní mar "Electricity Ireland", "Irish Water" "Dubin Airport Authority" agus an ainm Gaeilge a úsáid ar URL an na suíomhanna idirlín (féach Iarnród Éireann a aistríonn go Irish Rail nó Bus Átha Cliath nach bhfuil ann a thuilleadh!) Is ceart go mbeaidh sé ar a chumas ag gach breithimh Gaeilge a thuiscint agus a bheith i ndán í a labhairt. Is ceart go mbeadh an logainm i nGaeilge sa tús áit agus i nGaeilge amháin sa Ghaeltacht.

Comhlachtaí poiblí faoin Acht
Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.
Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
Is ceart go mbeadh GACH eagras stáit faoin Acht fiú iad siud a bunaíodh ó 2003!

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?
Is ceart cumhacht an Choimisinéara a neartú agus bheith cosanta tré a oifig a bheith luaite sa Bhunreacht ionas nach mbeidh an Rialtas nó polateoirí a oifig a laghdú nó a neamhspleachas a thruailiú gan cead ó phobal na hÉireann.

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
Go mbeadh Aire Sínsearach Gaeltachta agus Gaeilge i gcónaí agus má tá gá len é a bheith ceangailte le haireacht eile go mbeeadh an gné sin den chomhaireacht faoin aire shínsearach agus go mbeadh an roinn lena bhfuil sé nasctha faoi forbart phobal seachas faoi ealaíon nó oidhreacht! .i. Ní iarsmalann an Ghaeltacht agus meán cumarsáide bheo idir daoine beo í an Ghaeilge!

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
An Chóras Sláinte an VHI san áireamh Córas Iompaie Éireann idir Traenacha, busanna faoin dtír agus i mBaile Áthat Cliath agus Luas agus báid farrantóireachta Comhluchtaí a bhaineann le tiomáint - a chóras tastála charranaí, lucht dollaí bhoithre & árachás Banncanna (ar leis an Stáit iad!) Coimisinéirí Ioncaim, Roinn Chomhshaol, Roinn na Gaeltachta, Roinn Iompair, Roinn Gnóthaí Sóisialta (Pinsin Stáit) Na hOllscoileanna,

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
Freagra má glaoghtar urtha i mBéral amháin agus ansin má iompaíonn tú ar Ghaeilge gan bheith i ndán mé a thuiscint ná mé a fhreagairt i nGaeilge Moill ag fhreagairt chomhfhreagras Easpa cuirtéise agus uaireanta freagraí agus foirmeacha i mBéarla nuair a rognaím an Ghaeilge. "Nil an duine le Gaeilge istigh anois!' "Tá an duine le Gaeilge ar a 'tea break!'" Bheadh sé éasca na fadhbanna se go léir a leighis ach daoine le Gaeilge a fhostú ach ní lorgaítear iad fiú!

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?
Ar an gcéad dul sios claoí leis an Acht mar atá sé, go mór mór ó thaobh na scéimeanna de. Cumhacht dlithúil éiginteach ag an gCoimisinéir a éiliú agus muna bhfuil siad le fáil taobh istigh de acar áirithe (trí mhí nó sé mhí) go mbeadh sé i ndán fíanáil géar a fháil uatha (nach lú ná €10,000) dá gciste féin nó do chiste Údarás na Gaeltachta.